CINNTÍ

CINNEADH (CBES) 2023/1164 ón gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA

an 13 Meitheamh 2023

maidir le Ceann Misin Mhisean Smachta Reachta an Aontais Eorpaigh sa Chosaiv * a cheapadh (EULEX KOSOVO) (EULEX KOSOVO/1/2023)

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 38, an tríú mír, de,

Ag féachaint do Ghníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/124/CBES ón gComhairle an 4 Feabhra 2008 maidir le Misean Smachta Reachta an Aontais Eorpaigh sa Chosaiv, EULEX KOSOVO ([1]), agus go háirithe Airteagal 12(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 12(2) de Ghníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/124/CBES, údaraítear don Choiste Polaitiúil agus Slándála, i gcomhréir le hAirteagal 38 den Chonradh, na cinntí ábhartha a ghlacadh chun rialú polaitiúil agus treoir straitéiseach Mhisean Smachta Reachta an Aontais Eorpaigh sa Chosaiv (EULEX KOSOVO) a fheidhmiú, lena n-áirítear an cinneadh Ceann Misin a cheapadh.

(2) An 5 Meitheamh 2023, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2023/1095 ([2]), lena leasaítear Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/124/CBES agus lena gcuirtear síneadh le sainordú EULEX KOSOVO go dtí an 14 Meitheamh 2025.

(3) An 10 Bealtaine 2022, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2022/734 ([3]), lena gceaptar Lars-Gunnar WIGEMARK ina Cheann Misin ar EULEX KOSOVO don tréimhse ón 15 Meitheamh 2022 go dtí an 14 Meitheamh 2023.

(4) Mhol Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála síneadh a chur le sainordú Lars-Gunnar WIGEMARK mar Cheann Misin EULEX KOSOVO go dtí 25 Meitheamh agus Giovanni Pietro BARBANO a cheapadh ina Cheann Misin ar EULEX KOSOVO ón 26 Meitheamh 2023 go dtí 14 Meitheamh 2025,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, cuirtear síneadh le sainordú Lars-Gunnar Wigemark mar Cheann Misin ar Mhisean Smachta Reatha an Aontais Eorpaigh sa Chosaiv (EULEX KOSOVO) don tréimhse ón 15 Meitheamh 2023 go dtí 25 Meitheamh 2023.

* Ní dochar an t-ainmniú seo do sheasaimh maidir le stádas, agus tá sé ag teacht le UNSCR 1244/ 1999 agus le tuairim CBI maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive.

([1]) IO L 42, 16.2.2008, lch. 92.

([2]) Cinneadh (CBES) 2023/1095 ón gComhairle an 5 Meitheamh 2023 lena leasaítear Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/124/CBES maidir le Misean Smachta Reachta an Aontais Eorpaigh sa Chosaiv, EULEX KOSOVO (IO L 146, 6.6.2023, lch. 22).

([3]) Cinneadh (CBES) 2021/734 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 10 Bealtaine 2022 lena gcuirtear síneadh le sainordú Cheann Misin Mhisean Smachta Reachta an Aontais Eorpaigh sa Chosaiv (EULEX KOSOVO) (IO L 136, 13.05.2022, lch. 104).

Airteagal 2

Leis seo, ceaptar Giovanni Pietro BARBANO ina Cheann Misin ar Mhisean Smachta Reachta an Aontais Eorpaigh sa Chosaiv (EULEX KOSOVO) ón 26 Meitheamh 2023 go dtí an 14 Meitheamh 2025.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 13 Meitheamh 2023.

Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála
D. PRONK
An Cathaoirleach